C/2024/2366

27.3.2024

Foilsiú iarratais ar leasú ar shonraíocht le haghaidh ainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(C/2024/2366)

Lena fhoilsiú seo, tugtar an ceart cur i gcoinne an iarratais de bhun Airteagal 98 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) laistigh de 2 mhí ó dháta an fhoilsithe seo.

IARRAIDH AR LEASÚ AR AN tSONRAÍOCHT TÁIRGE

‘ Pico ’

PDO-PT-A1445-AM01

Dáta an iarratais: 19.3.2017

1. Rialacha is infheidhme maidir leis an leasú

Airteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh.°1308/2013 – Modhnú nach mion

2. Tuairisc agus cúiseanna leis an leasú

2.1. *Faisnéis a bhaineann leis an iarratasóir*

Tuairisc: An fhaisnéis a bhaineann leis an iarratasóir a thabhairt cothrom le dáta.

Cúiseanna: Tá an fhaisnéis a bhaineann leis an iarratasóir as dáta agus mar sin, is gá í a thabhairt cothrom le dáta. Tá gá leis an leasú sin chun an doiciméad aonair agus an tsonraíocht táirge a chur i gcomhréir leis na rialacha atá i bhfeidhm, agus tá sé beartaithe freisin go ndéanfaidh sé an fhaisnéis a cuireadh ar fáil roimhe a fheabhsú agus a shoiléiriú.

Pointí a leasaíodh sa doiciméad aonair: ‘Faisnéis eile’ – Mionsonraí an iarratasóra.

Pointí a leasaíodh sa tsonraíocht táirge: ‘Faisnéis eile’ – Mionsonraí an iarratasóra.

2.2. *Faisnéis a bhaineann leis na páirtithe leasmhara*

Tuairisc: Faisnéis a bhaineann leis na páirtithe leasmhara a bhaint.

Cúiseanna: Ós rud é gur baineadh an chiall chontráilte as ‘na páirtithe leasmhara’, cuireadh mionsonraí an iarratasóra sa réimse sin trí thimpiste. Dá bhrí sin, baineadh an fhaisnéis sin. Tá gá leis an leasú sin chun an doiciméad aonair agus an tsonraíocht táirge a chur i gcomhréir leis na rialacha atá i bhfeidhm, agus tá sé beartaithe freisin go ndéanfaidh sé an fhaisnéis a cuireadh ar fáil roimhe a fheabhsú agus a shoiléiriú.

Pointí a leasaíodh sa doiciméad aonair: ‘Faisnéis eile’ – Páirtithe leasmhara.

Pointí a leasaíodh sa tsonraíocht táirge: ‘Faisnéis eile’ – Páirtithe leasmhara.

2.3. *Faisnéis a bhaineann leis na comhlachtaí faireacháin*

Tuairisc: An fhaisnéis a bhaineann leis na comhlachtaí faireacháin a thabhairt cothrom le dáta.

Cúiseanna: Tá an fhaisnéis a bhaineann leis an iarratasóir as dáta agus mar sin, is gá í a thabhairt cothrom le dáta. Tá gá leis an leasú sin chun an doiciméad aonair agus an tsonraíocht táirge a chur i gcomhréir leis na rialacha atá i bhfeidhm, agus tá sé beartaithe freisin go ndéanfaidh sé an fhaisnéis a cuireadh ar fáil roimhe a fheabhsú agus a shoiléiriú.

Pointí a leasaíodh sa doiciméad aonair: ‘Faisnéis eile’ – Mionsonraí na gcomhlachtaí faireacháin a thabhairt cothrom le dáta.

Pointí a leasaíodh sa tsonraíocht táirge: ‘Faisnéis eile’ – Faisnéis faoi na comhlachtaí faireacháin.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

2.4. *Faisnéis a bhaineann leis na húdaráis faireacháin inniúla*

Tuairisc: Faisnéis a bhaineann leis na húdaráis faireacháin inniúla a thabhairt cothrom le dáta.

Cúiseanna: Tá an fhaisnéis a bhaineann leis an iarratasóir as dáta agus mar sin, is gá í a thabhairt cothrom le dáta. Tá gá leis an leasú sin chun an doiciméad aonair agus an tsonraíocht táirge a chur i gcomhréir leis na rialacha atá i bhfeidhm, agus tá sé beartaithe freisin go ndéanfaidh sé an fhaisnéis a cuireadh ar fáil roimhe a fheabhsú agus a shoiléiriú.

Pointí a leasaíodh sa doiciméad aonair: 'Faisnéis eile' – Mionsonraí na n-údarás faireacháin inniúil a thabhairt cothrom le dáta.

Pointí a leasaíodh sa tsonraíocht táirge: 'Faisnéis eile' – Faisnéis faoi na húdaráis faireacháin inniúla.

2.5. *Catagóir táirgí – catagóir nua táirgí fíniúna a chur isteach*

Tuairisc: Cuireadh an chatagóir 'Fíon' isteach.

Cúiseanna: Is é cuspóir an leasaithe sin luach eacnamaíoch táirge arb ann dó sa réigiún cheana féin a mhéadú, trí aitheantas a thabhairt dó faoin ATFC.

Tá an cineál sin fíona á dhéanamh cheana féin ag táirgeoirí i gcomhréir le cleachtais thraidisiúnta an réigiúin agus clú air mar gheall ar a cháilíocht agus a shainiúlacht. Mar sin, trína áireamh faoi ATFC 'Pico', aithnítear an tábhacht a bhaineann leis agus an cháilíocht atá air, agus an breisluach le haghaidh a tháirgeoirí.

Pointí a leasaíodh sa doiciméad aonair: 'Catagóirí na dtáirgí fíniúna', 'Tuairisc ar na fíonta', 'Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha', 'Nasc leis an limistéar geografach' agus 'Coinníollacha breise'.

Pointí a leasaíodh sa tsonraíocht táirge: 'Catagóirí na dtáirgí fíniúna', 'Tuairisc ar na fíonta', 'Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha', 'Nasc leis an limistéar geografach' agus 'Coinníollacha breise'.

2.6. *Catagóir táirgí – catagóir nua táirgí fíniúna a chur isteach*

Tuairisc: Cuireadh an chatagóir 'Fíon súilíneach' isteach.

Cúiseanna: Is é cuspóir an leasaithe sin luach eacnamaíoch táirge arb ann dó sa réigiún cheana féin a mhéadú, trí aitheantas a thabhairt dó faoin ATFC.

Tá an cineál sin fíona á dhéanamh cheana féin ag táirgeoirí i gcomhréir le cleachtais thraidisiúnta an réigiúin agus clú air mar gheall ar a cháilíocht agus a shainiúlacht. Mar sin, trína áireamh faoi ATFC 'Pico', aithnítear an tábhacht a bhaineann leis agus an cháilíocht atá air, agus an breisluach le haghaidh a tháirgeoirí.

Pointí a leasaíodh sa doiciméad aonair: 'Catagóirí na dtáirgí fíniúna', 'Tuairisc ar na fíonta', 'Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha', 'Nasc leis an limistéar geografach' agus 'Coinníollacha breise'.

Pointí a leasaíodh sa tsonraíocht táirge: 'Catagóirí na dtáirgí fíniúna', 'Tuairisc ar na fíonta', 'Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha', 'Nasc leis an limistéar geografach' agus 'Coinníollacha breise'.

2.7. *Catagóir táirgí – catagóir nua táirgí fíniúna a chur isteach*

Tuairisc: Cuireadh an chatagóir 'Fíon ó fhíonchaora ró-aibí' isteach.

Cúiseanna: Is é cuspóir an leasaithe sin luach eacnamaíoch táirge arb ann dó sa réigiún cheana féin a mhéadú, trí aitheantas a thabhairt dó faoin ATFC.

Tá an cineál sin fíona á dhéanamh cheana féin ag táirgeoirí i gcomhréir le cleachtais thraidisiúnta an réigiúin agus clú air mar gheall ar a cháilíocht agus a shainiúlacht. Mar sin, trína áireamh faoi ATFC 'Pico', aithnítear an tábhacht a bhaineann leis agus an cháilíocht atá air, agus an breisluach le haghaidh a tháirgeoirí.

Pointí a leasaíodh sa doiciméad aonair: 'Catagóirí na dtáirgí fíniúna', 'Tuairisc ar na fíonta', 'Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha', 'Nasc leis an limistéar geografach' agus 'Coinníollacha breise'.

Pointí a leasaíodh sa tsonraíocht táirge: 'Catagóirí na dtáirgí fíniúna', 'Tuairisc ar na fíonta', 'Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha', 'Nasc leis an limistéar geografach' agus 'Coinníollacha breise'.

2.8. *Tuairisc ar na fíonta – catagóir 'Fíon licéir'*

Tuairisc: Feabhsaíodh agus leasaíodh an tuairisc ar na fíonta licéir.

Cúiseanna: Ós rud é go bhfuarthas go raibh an tuairisc ar na fíonta a bhí ann roimhe ilchineálach doiléir, ba cheart í a leasú chun na saintréithe atá bainteach le fíonta ATFC 'Pico' a leagan amach. Is gá an leasú sin chun an doiciméad aonair agus an tsonraíocht táirge a chur i gcomhréir leis na rialacha atá i bhfeidhm.

Pointí a leasaíodh sa doiciméad aonair: Tuairisc ar na fíonta – catagóir 'Fíonta licéir'.

Pointí a leasaíodh sa tsonraíocht táirge: Tuairisc ar na fíonta – catagóir 'Fíonta licéir'.

2.9. *Cleachtais fhíoneolaíocha – uastáirgeacht*

Tuairisc: An eisceacht a bhaint.

Cúiseanna: Leagadh ceanglas soiléir oibiachtúil síos le haghaidh an pharaiméadair sin, agus ar an mbealach sin ráthaítear aonfhoirmeacht agus intuarthacht na ndálaí táirgthe.

Pointí a leasaíodh sa doiciméad aonair: 'Cleachtais fhíoneolaíocha'.

Pointí a leasaíodh sa tsonraíocht táirge: 'Cleachtais fhíoneolaíocha'.

2.10. *Cleachtais fhíoneolaíocha – cleachtais fhíoneolaíocha – gach catagóir*

Tuairisc: Srian fíonóireachta is infheidhme maidir le gach catagóir táirgí a áireamh: Ní mór go dtagann 85 % de thoirt iomlán an úrfhíona ó na príomhchineálacha fíniúna, agus féadfaidh an chuid eile de teacht ó chineálacha tánaisteacha.

Cúiseanna: Mar thoradh ar liosta teoranta a bhunú de chineálacha fíniúna atá fíor-riachtanach chun barántúlacht agus carachtar sainiúil fhíonta ATFC 'Pico' a ráthú, sainíodh íoschéatadán le haghaidh an toirt iomláin úrfhíona nach mór teacht ó na príomhchineálacha sin. Mar sin féin, ós rud é go bhfuil na cineálacha tánaisteacha i measc na gcineálacha traidisiúnta a shaothraítear sa limistéar geografach freisin, ní dhéantar dochar do charachtar sainiúil fhíonta ATFC 'Pico' má cheadaítear iad a úsáid ar bhealach teoranta.

Pointí a leasaíodh sa doiciméad aonair: 'Cleachtais fhíoneolaíocha' – Srian fíonóireachta.

Pointí a leasaíodh sa tsonraíocht táirge: 'Cleachtais fhíoneolaíocha' – Srian fíonóireachta.

2.11. *Príomhchineálacha fíniúna – liosta na gcineálacha a mhodhnú/ailíniú*

Tuairisc: Ailíniú na gcineálacha fíniúna i gcomhréir leis an liosta náisiúnta nua. Na cineálacha Fernão-Pires, Generosa, Malvasia agus Sercial a bhaint. Cineálacha atá tagtha chun bheith ina gcineálacha tánaisteacha: Malvasia Fina (Boal) agus Galego Dourado.

Cúiseanna: Ba cheart an liosta de chineálacha fíniúna a fhéadfar a úsáid chun fíonta a tháirgeadh i réigiún Pico a thabhairt cothrom le dáta agus a ailíniú leis an gcreat dlíthiúil nua arb éard atá ann an liosta náisiúnta de chineálacha atá oiriúnach don fhíonsaothrú sa Phortaingéil.

Tháinig an srian ar na cineálacha a fhéadfar a úsáid as bunú liosta teoranta de chineálacha atá fíor-riachtanach chun barántúlacht agus carachtar sainiúil fhíonta ATFC 'Pico' a ráthú. Mar thoradh ar an bpróiseas sin bogadh cineál amháin a mheastaí roimhe sin a bheith ina phríomhchineál chuig an liosta de chineálacha tánaisteacha.

Pointí a leasaíodh sa doiciméad aonair: 'Príomhchineálacha fíniúna'.

Pointí a leasaíodh sa tsonraíocht táirge: 'Príomhchineálacha fíniúna'.

2.12. *Cineálacha fíniúna tánaisteacha a áireamh*

Tuairisc: Bunaíodh dhá chineál thánaisteacha, mar atá Malvasia Fina (Boal) agus Galego Dourado, a baineadh de liosta na bpríomhchineálacha.

Cúiseanna: Ós rud é go bhfuil na cineálacha sin i measc na gcineálacha traidisiúnta a shaothraítear sa limistéar geografach freisin, ní dhéantar dochar do charachtar sainiúil fhíonta ATFC 'Pico' má áirítear iad mar chineálacha tánaisteacha.

Pointí a leasaíodh sa doiciméad aonair: Ní dhéantar difear don doiciméad aonair.

Pointí a leasaíodh sa tsonraíocht táirge: 'Cineálacha fíniúna tánaisteacha'.

2.13. *Nasc leis an limistéar geografach – gach catagóir*

Tuairisc: Feabhsaíodh agus leasaíodh an tuairisc ar an nasc leis an limistéar geografach.

Cúiseanna: Ós rud é go bhfuarthas go raibh an tuairisc ar an nasc leis an limistéar geografach (catagóir: 'Fíon') a bhí ann roimhe ilchineálach doiléir, agus gur cheart tuairisc a dhéanamh freisin ar an nasc le haghaidh na gcatagóirí nua táirgí ('Fíon súilíneach', 'Fíon licéir' agus 'Fíon ó fhíonchaora ró-aibí'), rinneadh athbhreithniú ar ábhar an phointe sin agus áiríodh na catagóirí táirgí uile. Mar sin, rinneadh an t-ábhar níos cruinne, agus cuireadh san áireamh go gcumhdaíonn an nasc leis an limistéar geografach gach catagóir.

Pointí a leasaíodh sa doiciméad aonair: 'Nasc leis an limistéar geografach'.

Pointí a leasaíodh sa tsonraíocht táirge: 'Nasc leis an limistéar geografach'.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm an táirge**

Pico

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúcháin Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

3. Fíon licéir

4. Fíon súilíneach

16. Fíon ó fhíonchaora ró-aibí

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. Fíonta

Fíonta geala:

Bíonn idir dath buí éadrom agus dath buí tréan ar na fíonta, agus dea-bholadh orthu ina measctar blasanna citris agus muirí le ruainníní torthaí trópaiceacha. Sa bhéal, bíonn salandacht agus mianracht shuntasach orthu, chomh maith le seirbhe shuntasach, bíonn cion measartha alcóil iontu agus iarbhlas úr orthu.

Tá na saintréithe anailíseacha eile mar a leagtar síos sa reachtaíocht ábhartha iad.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iomlán íosta (in % de réir toirte)	11
Aigéadacht iomlán íosta	46,6 milleachoibhéis in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	250

2. Fíonta Licéir

Bíonn idir dath ómra agus dath donn ar na fíonta, agus drithlí órga iontu. Bíonn na fíonta licéir tathagach, le struchtúr maith acu, is iondúil go mbíonn siad tirim nó meántirim – cé go dtarlaíonn sé go mbíonn siad meánmhilis nó milis freisin.

D'fhéadfadh blasanna torthaí aibí agus blasanna torthaí crainn a bheith ina gcuid dá gcumhracht. D'fhéadfadh blasanna bláthacha nó luibhe a bheith ar fáil i bhfíonta óga.

Dea-bholaithe torthaíocha, mar aon le blasanna torthaí triomaithe, meala, caramail, spíosraí agus deataigh, tagann siad chun cinn le haois agus de bhua na tréimhse fada a chaitear sa bhairille.

Bíonn blas saibhir – idir tirim agus leathmhilis – orthu, le haigéadacht agus salandacht inbhraite. Is fíonta torthaíocha (clochthorthaí) iad, agus d'fhéadfadh blasanna torthaí triomaithe, meala, caramail agus spíosraí a bheith orthu freisin.

Tá na saintréithe anailíseacha eile mar a leagtar síos sa reachtaíocht ábhartha iad.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iomlán íosta (in % de réir toirte)	11
Aigéadacht iomlán íosta	46,6 milleachoibhéis in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	250

3. Fíonta súilíneacha

Bíonn idir dath buí éadrom agus dath buí tréan ar na fíonta geala súilíneacha, agus dea-bholadh orthu ina measctar blasanna citris agus muirí le ruainníní torthaí trópaiceacha.

I mblianta áirithe, d'fhéadfadh dea-bholaithe trópaiceacha a bheith ar fáil iontu. Sa bhéal, bíonn mús inmhothaithe úr acu ina mbíonn súilíní míne diana, bíonn torthúlacht agus mianracht orthu, blasanna láidre muirí agus seirbhe shuntasach, agus iarbhlas úr bríomhar orthu.

Tá na saintréithe anailíseacha eile mar a leagtar síos sa reachtaíocht ábhartha iad.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iomlán íosta (in % de réir toirte)	11,5
Aigéadacht iomlán íosta	46,6 milleachoibhéis in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	185

4. Fíonta ó fhíonchaora ró-aibí

Fíonta geala:

Is fíonta iad sin a bhfuil dea-bholaithe torthaíocha, torthaí aibí agus clochthorthaí orthu. I mblianta áirithe, bíonn blasanna rísíní ar fáil iontu.

Leis an aosú cruthaítear blasanna rísíní agus suibhe, agus spíosra ag teacht chun tosaigh beagáinín.

Sa bhéal, bíonn siad dlúth, mór, torthaíoch agus spíosrach, le blasanna caramail, luibheanna aramatacha agus salainn, agus iarbhlas úr orthu.

Tá na saintréithe anailíseacha eile mar a leagtar síos sa reachtaíocht ábhartha iad.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iomlán íosta (in % de réir toirte)	12
Aigéadacht iomlán íosta	46,6 milleachoibhéis in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	250

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

a. *Cleachtais fhíoneolaíocha fhíor-riachtanacha*

1. Fíonta, fíonta súilíneacha, fíonta licéir agus fíonta ó fhíonchaora ró-aibí – bainistiú fíonghort agus ithreacha

Modhanna saothraithe

Ní mór go dtagann na fíonchaora a úsáidtear chun fíonta ATFC 'Pico' a dhéanamh ó *vinhas estremes* (dáileachtaí fíonghoirt a bhfuil líon teoranta crann in aghaidh an heicteáir iontu), áit a dtreoraítear na fíniúnacha fás gar don talamh trí úsáid a bhaint as na córais chuachphrúnála nó tródaim.

Fíniúnacha atá beartaithe chun fíonta ATFC 'Pico' a dhéanamh, ní mór iad a fhás nó a chur in ithreacha liotacha neamh-húmasacha agus liteasail atá suite ar fhoshraith chomhdhlúite basalt nó carraigeacha comhchosúla a cruthaíodh le déanaí le laibhí. Os rud é go dtarlaíonn siad i dteannta lomáin carraige, uaireanta bíonn ábhar clochach sna hithreacha sin agus bíonn sraith chomhdhlúite laibhe ar an dromchla.

2. Fíonta, fíonta súilíneacha, fíonta licéir agus fíonta ó fhíonchaora ró-aibí – cleachtais thraidisiúnta

Srian fíonóireachta

Ní mór cloí leis na modhanna agus cleachtais fhíoneolaíocha thraidisiúnta atá údaraithe de réir an dlí agus fíonta ATFC 'Pico' á ndéanamh.

3. Fíonta – neart alcóil nádúrtha de réir toirte

Srian fíonóireachta

Ní mór neart alcóil nádúrtha íosta féideartha de 10 % de réir toirte a bheith ag na húrfhíonta a úsáidtear.

4. Fíonta súilíneacha – neart alcóil nádúrtha de réir toirte

Srian fíonóireachta

Ní mór neart alcóil nádúrtha íosta féideartha de 9 % de réir toirte a bheith ag na húrfhíonta a úsáidtear le haghaidh bhunfhíonta na bhfíonta súilíneacha.

5. Fíonta licéir - neart alcóil nádúrtha de réir toirte

Srian fíonóireachta

Ní mór neart alcóil nádúrtha íosta féideartha de 12 % de réir toirte a bheith ag na húrfhíonta a úsáidtear le haghaidh na bhfíonta licéir.

6. Fíonta ó fhíonchaora ró-aibí – neart alcóil nádúrtha de réir toirte

Srian fíonóireachta

Ní mór neart alcóil nádúrtha íosta féideartha de 15 % de réir toirte a bheith ag na húrfhíonta a úsáidtear le haghaidh na bhfíonta ó fhíonchaora ró-aibí.

7. Fíonta, fíonta súilíneacha, fíonta licéir agus fíonta ó fhíonchaora ró-aibí – cineálacha

Srian fíonóireachta

Agus fíonta, fíonta súilíneacha, fíonta licéir agus fíonta ó fhíonchaora ró-aibí á ndéanamh faoi ATFC 'Pico', ní mór go dtagann 85 % de thoirt iomlán an úrfhíona ó chineálacha fíniúna Arinto dos Açores/Terrantez da Terceira, Verdelho agus Terrantez do Pico.

Féadfaidh an chuid eile de thoirt iomlán an úrfhíona teacht ó chineálacha Galego Dourado agus Malvasia Fina/Boal.

8. Fíonta licéir – tréimhse aosaithe

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Ní fhéadfar fíonta licéir ar a bhfuil ATFC 'Pico' a bhuidéalú ach go dtí go bhfuil íostréimhse aosaithe 36 mhí thart.

9. Fíonta ó fhíonchaora ró-aibí – tréimhse aosaithe

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Ní fhéadfar fíonta ó fhíonchaora ró-aibí ar a bhfuil ATFC 'Pico' a bhuidéalú ach go dtí go bhfuil íostréimhse aosaithe 36 mhí thart

b. *Uastáirgeacht*

Fíonta, fíonta súilíneacha, fíonta licéir agus fíonta ó fhíonchaora ró-aibí

70 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Is éard atá i limistéar geografach ATFC 'Pico':

a) limistéir ar airde 100 m nó níos lú i mbardas Madalena;

b) limistéir ar airde 100 m nó níos lú i bparóiste Santa Luzia, cuid de pharóiste Prainha agus dúiche Baía de Canas i mbardas São Roque;

(c) limistéir ar airde 100 m nó níos lú i bparóiste Piedade agus dúichí Engrade agus Manhenha i mbardas Lajes.

7. **Príomhchineál(acha) fíonchaor**

Arinto dos Açores - Terrantez da Terceira

Galego Dourado

Malvasia Fina - Boal, Bual

Terrantez do Pico

Verdelho

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

Fíonta, fíonta súilíneacha, fíonta licéir agus fíonta ó fhíonchaora ró-aibí

Baineann an fhaisnéis seo le fíonta, fíonta súilíneacha, fíonta licéir agus fíonta ó fhíonchaora ró-aibí.

Tosca nádúrtha

Tá Pico suite i Lárghrúpa oileánra na nAsór; is é an dara hoileán is mó agus an t-oileán is sléibhtiúla de chuid na nAsór. Is ann atá an sliabh is airde sa Phortaingéil, Sliabh Pico, atá 2 351 méadar ar airde.

Is é Sliabh Pico, arb é an pointe is airde de Dhroim an Atlantaigh Láir é freisin, atá ina chomhartha sóirt ag tír-raon an oileáin, agus is bacainn oragrafach é a fhágann difríochtaí sa bháisteach idir na fánaí. I bpáirt, cabhraíonn sé sin lena mhíniú cén fáth a gcuirtear an chuid is mó de na fíonghoirt ar an taobh thiar den oileán, áit a mbíonn an bháisteach níos ísle de ghnáth ná ar an gcósta thoir thuaidh, mar shampla.

De réir Chóras Aicmithe Aeráidí Köppen, is aeráid mheasartha, cineál Csb (is ísle ná 18 °C ach is airde ná -3 °C an mheánteocht sa mhí is fuaire) é aeráid chósta Pico, ina mbíonn sé báisteach le linn an gheimhridh agus tirim fionnuar le linn an tsamhraidh (is ísle ná 22 °C meánteocht na míosa is teo).

Gné thábhachtach den aeráid atá sa ghaoth, a tharlaíonn mar thoradh ar imbhualadh na n-aermhaiseanna Atlantacha, mar gheall ar an mbogthaise agus an tsalandacht a ghabhann léi.

Is iondúil go mbíonn an bogthaise choibhneasta níos ísle ná mar a bhíonn ar na hoileáin eile, is é sin idir 70 % agus 80 %. Fanann sé íseal sa samhradh, lena n-áirítear istoíche, ós rud é nach dtagann athrú mór ar na teochtaí go mór idir an oíche agus an lá mar gheall ar éifeacht rialaithe teasa na sraitheanna carraige laibhe. Is coinníollacha fabhracha iad sin chun fíon a shaothrú.

Ós rud é gurb é an t-oileán is óige de na hAsóir é, is beag an fhorbairt atá déanta ar a ithreacha, ar ithreacha bolcánacha éadoimhne iad ina bhfuil méid mór garbhábhair (clochacht). Tá limistéir ann freisin arb éard atá iontu sraitheanna carraige laibhe ar a dtugtar *lajidos*, ina bhfuil foirmeacha comhdhlúite ar fáil a léiríonn bolcánachas an oileáin (brúchtaí de chineál Havaí).

Tosca daonna

Tugadh na chéad fhíniúnacha go Pico nuair a lonnaigh daoine ann in 1460, agus leath siad go tapa ar fud an oileáin.

Trí úsáid a bhaint as eagna agus cruthaitheacht, d'éirigh go hiontach le háitritheoirí Pico d'ainneoin na ndeacrachtaí a chuir an dúlra rompu: d'éirigh leo slí bheatha a bhaint amach as cloch neamhtháirgiúil. Le bheith sonrach, chuir siad fíonghoirt agus chosain siad iad ar ghaotha láidre agus ar cháitheadh na farraige trí líonra ollmhór struchtúrtha ballaí a thógáil a chuireann na *currais* i dtábhacht (dáileachtaí talún a bhfuil ballaí cloiche thart timpeall orthu, a tógadh chun dhá chuspóir a bhaint amach: clocha breise a bhaint as an ithir agus chun cosaint ar an ngaoth a chur ar fáil). In 2004, d'aithin UNESCO an saothar ailtireachta sin mar Thírdhreach Cultúrtha Oidhreachta Domhanda. Sa lá atá inniu, tá daoine fós ina gcónaí ar an suíomh ar díol bróid dóibh an stair a bhaineann leo.

Saintréithe sonracha an táirge atá bainteach leis an limistéar geografach:

Fíonta, fíonta súilíneacha, fíonta licéir agus fíonta ó fhíonchaora ró-aibí

Tá mianracht agus salandacht ar na príomh-shaintréithe suntasacha i bhfíonta, fíonta licéir, fíonta súilíneacha agus fíonta ó fhíonchaora ró-aibí a bhfuil ATFC 'Pico' acu. Is fíonta úra iad a mbíonn cion measartha alcóil iontu, bíonn cumhracht acu a chuireann torthaí i gcuimhne chomh maith le seirbhe shuntasach agus blasanna mianra.

Nasc leis an limistéar geografach:

Mar gheall ar an ábhar garbh san ithir ar Pico, is mó a ionsúitear agus a fhrithchaitear an teas, rud atá fabhrach d'aibiú na bhfíonchaor agus do léiriú chomhdhúile aramatacha na gcineálacha fíniúna. Is é an toradh atá air sin fíonta, fíonta súilíneacha agus fíonta licéir a bhfuil dea-bholaithe sainiúla acu. I roinnt limistéar, áit a bhfuil sraitheanna carraige laibhe comhdhlúite (*lajidos*), bíonn an t-ionsú agus an frithchaitheamh teasa níos déine fós. Fágann sin gur féidir fíonchaora a tháirgeadh a bhfuil leibhéal ard aibíochta acu, a úsáidtear chun fíonta ó fhíonchaora ró-aibí a dhéanamh ag a bhfuil dea-bholaithe torthaíocha, go háirithe dea-bholaithe torthaí aibí agus clochthorthaí.

Is iad na hithreacha bolcánacha, in éineacht leis an tionchar láidir Atlantach mar gheall ar shuíomh an oileáin, is cúis le mianracht agus salandacht shainiúil fíonta, fíonta súilíneacha, fíonta licéir agus fíonta ó fhíonchaora ró-aibí ar a bhfuil ATFC 'Pico'.

Tar éis traidisiúin a chaomhnú a théann siar na céadta blianta, léirítear an toisc dhaonna i dtógáil na ndáileachtaí (*currais*), atá fíor-riachtanach chun na fíniúnacha a chosaint ar ghaotha an Atlantaigh agus chun na dálaí fáis is fearr a chruthú. Tá ról tábhachtach aige sin chun na dálaí cearta a áirithiú chun na fíonchaora a aibiú agus cuidíonn sé le cothromaíocht dea-bholaithe a bhaint amach sna fíonta, fíonta súilíneacha, fíonta licéir agus fíon ó fhíonchaora ró-aibí a tháirgtear.

Tá an líon an-teoranta de chineálacha fíniúna arb iad na cineálacha is fearr a oireann do dhálaí an limistéir gheografaigh ina thoisc chinniúnach agus shainiúil maidir le saintréithe cáilíochta fhíonta an limistéir (fíonta, fíonta súilíneacha, fíonta licéir agus fíonta ó fhíonchaora ró-aibí) agus léiríonn sé an saineolas a forbraíodh i gcaitheamh na mblianta.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise**

Fíon, fíon súilíneach agus fíon licéir ar a bhfuil ATFC 'Pico'

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta.

An cineál coinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú.

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Measúnú ar lipéadú sula gcuirtear ar an margadh é

Ní mór lógó an bhranda a bheith ar an lipéad.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://www.ivv.gov.pt/np4/8617.html